# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2024

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024



# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## Ardleibhéal

## Scéim Mharcála

**Nóta:** Tá gach réiteach bailí eile inghlactha agus marcáiltear iad dá réir.

## Ceist A-1

**MARCANNA**

**(a) Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta den seastán (18)**

(i) Críochnú chúl an tseastáin – dromchla ingearach .................................................. **6**

(ii) Críochnú chúl an tseastáin – dromchla claonta .................................................. **3**

(iii) Aimsigh taobhphróifíl na seilf ar pheirspictíochta .................................................. **5**

(iv) Críochnú na seilf agus an tseastáin .................................................. **4**

**(b) Aimsigh agus cuir in iúl airde fhoriomlán an tseastáin (2)**

(v) Airde cheart an tseastáin léirithe i milliméadair .................................................. **2**

***Iomlán = 20***

## Ceist A-2

**MARCANNA**

**(a) Críochnaigh ingearchló an tseastáin (16)**

(i) Rianta ar phlánaí gearrtha riachtanacha comhthreomhar le **HT** sa bhonnchló ..... **3**

(ii) Teilgin trasnaithe le bonnchló **VT** chuig an ingearchló .................................................. **2**

(iii) Aimsigh pointí san ingearchló .................................................. **6**

(iv) Críochnaigh an t-ingearchló .................................................. **4**

(v) Mionsonra folaithe .................................................. **1**

**(b) Aimsigh agus léirigh uillinn chlaonta an dromchla uachtaraigh chuig HP (4)**

(vi) Teilgin chun claonta an dromchla chuig **HP** a aimsiú .................................................. **3**

(vii) Cuir in iúl uillinn cheart claonta .................................................. **1**

***Iomlán = 20***

## Ceist A-3

**MARCANNA**

**(a) Achar cothrománach is giorra idir sceabhlínte (19)**

(i) Tarraing líne ó **D** comhthreomhar le **AB** (nó **B** comhthreomhar le **CD**) san ingearchló ........................................................................................ **3**

(ii) Tarraing líne ó **D** comhthreomhar le **AB** (nó **B** comhthreomhar le **CD**) san ingearchló ........................................................................................ **3**

(iii) Aimsigh bonnchló na líne cothrománaí ar cheachtar plána .................................. **3**

(iv) $X_1Y_1$ ingearach le bonnchló na líne cothrománaí................................................... **2**

(v) Teilgin **AB** agus **CD** ar $X_1Y_1$ ......................................................................... **2**

(vi) $X_2Y_2$ ingearach le $X_1Y_1$ líne ........................................................................... **2**

(vii) Teilgin **AB** agus **CD** ar $X_2Y_2$ ......................................................................... **2**

(viii) Teilgin an achair chothrománaigh riachtanaigh is giorra chuig an mbonnchló agus an ingearchló.................................................................................................. **2**

**(b) Fíorfhad idir pointí A agus C (1)**

(ix) Fíorfhad idir pointí **A** agus **C** léirithe i milliméadair ................................................ **1**

***Iomlán = 20***

## Ceist A-4

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló iomlán na solad (10)**

(i) Teilgean lár an sféir chuig an mbonnchló ............................................................ **2**

(ii) Tógáil riachtanach san ingearchló chun lár an sféir a aimsiú ................................ **3**

(iii) Aimsigh lár an sféir sa bhonnchló ........................................................................ **3**

(iv) Tarraing bonnchló an sféir tríd an nga ceart a úsáid ............................................. **2**

**(b) Bonnchló agus ingearchló an sféir ag pointe P (10)**

(v) Aimsigh pointe **P** ar an ngineadóir foircneach san ingearchló .............................. **3**

(vi) Tógáil riachtanach chun lár an sféir san ingearchló a aimsiú (1,2) ......................... **2**

(vii) Aimsigh lár an sféir sa bhonnchló ........................................................................ **2**

(viii) Tarraing bonnchló agus ingearchló an sféir .......................................................... **3**

***Iomlán = 20***

## Ceist B-1

**MARCANNA**

**(a) Bonnchló agus ingearchló na deisce stiúideo (20)**

(i) Tarraing bonnchló imlíne tugtha na pirimide inbhéartaithe a bhfuil bonn cearnógach aici ........ **12**

(ii) Tarraing ingearchló tugtha na pirimide inbhéartaithe a bhfuil bonn cearnógach aici ........ **8**

**(b) Uillinn dhéhéidreach idir dromchlaí A agus B (20)**

(iii) $X_1Y_1$ comhthreomhar leis an líne thrasnaithe ........ **6**

(iv) Teilgean na bplánaí agus na líne trasnaithe ar an $X_1Y_1$ nua ........ **4**

(v) $X_2Y_2$ nua ingearach leis an líne trasnaithe ........ **5**

(vi) Teilgean na bplánaí mar línte agus uillinn dhéhéidreach a chur in iúl ........ **5**

**(c) Claonta dromchla B chuig an bplána cothrománach agus fíorchruth dromchla B (13)**

(vii) $X_1Y_1$ ingearach leis an líne threoíochta ar dromchla **B** ........ **3**

(viii) Teilgean an dromchla **B** chuig an gcló cúnta ........ **3**

(ix) Aimsigh fíorchlaonta dhromchla **B** leis an bplána cothrománach ........ **2**

(x) $X_2Y_2$ líne comhthreomhar le ciumhaisamharc an dromchla **B** ........ **2**

(xi) Teilgean an fíorchrutha dromchla **B** chuig an gcló cúnta........ **3**

**(d) Ingearchló agus Bonnchló líne chlaonta ag 50° chuig HP ó phointe P (7)**

(xii) Bunaigh claonadh 50° ó **P** chuig HP san ingearchló ........ **2**

(xiii) Teilgin fíoruillinne i gcló an bhonnchló ........ **2**

(xiv) Aimsigh teilgin na líne riachtanaí sa bhonnchló ........ **2**

(xv) Aimsigh teilgin na líne riachtanaí san ingearchló........ **1**

***Iomlán = 60***

## Ceist B-2

**MARCANNA**

**(a) Tarraing forbairt dhromchla an bhosca sailéid a thugtar (16)**

(i) Bonn an bhosca sailéid ........................................ **4**

(ii) Taobhanna an bhosca sailéid ........................................ **8**

(iii) Barr an bhosca sailéid ........................................ **4**

**(b) Tarraing an fhuinneog phlaisteach éilipseach (18)**

(iv) Faigh mór-ais an éilips amach ........................................ **2**

(v) Aimsigh pointe **P** ........................................ **2**

(vi) Aimsigh fad mion-aise an éilips ........................................ **3**

(vii) Tógán chun pointí ar an éilips a aimsiú ........................................ **8**

(viii) Tarraing cuar éilipseach ………(aon chuar = 1)........................................ **3**

**(c) Tarraing ingearchló agus bonnchló an bhosca sailéid (26)**

(ix) Aimsigh airde an bhosca san ingearchló ........................................ **2**

(x) Tarraing imlíne an ingearchló........................................ **4**

(xi) Aimsigh pointí ar an gcuar éilipseach san ingearchló ........................................ **4**

(xii) Tarraing cuar ingearchló ……(aon chuar = 1)........................................ **2**

(xiii) Tarraing imlíne an bhonnchló ........................................ **6**

(xiv) Tarraing an cuar éilipseach ar an dromchla barr sa bhonnchló ........................................ **3**

(xv) Aimsigh pointí ar chuar éilipseach ar an dromchla tosaigh sa bhonnchló ........................................ **2**

(xvi) Tarraing cuar sa bhonnchló ……(aon chuar = 1) ........................................ **2**

(xvii) Mionsonra folaithe ........................................ **1**

***Iomlán = 60***

## Ceist B-3

**MARCANNA**

**(a) Aiseanna aismhéadracha agus triantán corrshleasach (8)**

(i) Tarraing aiseanna aismhéadracha X agus Y agus iad sa treoshuíomh a thaispeántar in (1,1) ........ **2**

(ii) Tarraing triantán corrshleasach **abc** ........ **4**

(iii) Tarraing ais Z ........ **2**

**(b) Tarraing an bonnchló agus an taobhchló, agus iad sa treoshuíomh a thaispeántar (23)**

(iv) An plána YZ forbartha i gceart agus é sa treoshuíomh a thaispeántar........ **6**

(v) Tarraing an taobhchló de réir mar a thugtar ........ **6**

(vi) An plána XZ forbartha i gceart agus é sa treoshuíomh a thaispeántar ........ **6**

(vii) Tarraing an bonnchló a thugtar ........ **5**

**(c) Críochnaigh an teilgean trímhéadrach de sheastán an phuzail (25)**

(viii) Teilgin ón taobhchló agus ón mbonnchló........ **4**

(ix) Tarraing aismhéadrach de phriosma triantánach........ **7**

(x) Aimsigh pointí ar chuar ciorclach barr sa chló aismhéadrach ........ **5**

(xi) Tarraing cuar ciorclach barr …….(aon chuar = 1) ........ **2**

(xii) Aimsigh pointí ar chuar trasnaithe leis an dromchla claonta ........ **3**

(xiii) Tarraing líne chuartha trasnaithe …….(Aon chuar = 1) ........ **2**

(xiv) Críochnaigh coimeádán sorcóireach ........ **2**

**(d) Críochnaigh an teilgean trímhéadrach den sféar (4)**

(xv) Aimsigh agus tarraing sféar........ **4**

***Iomlán = 60***

## Ceist C-1

**MARCANNA**

**(a) Oibreacha talún ar chúrsa raftála (39)**

**Oibreacha talún idir A agus B (Leibhéalta) – Claífort**

(i) Tarraing línte comhthreomhara ag eatraimh de 7.5 mm ...................................... **4**

(ii) Sainaithin áiteanna ina dtrasnaítear comhrianta agus tarraing cuair .................. **4**

**Oibreacha talún idir A agus B (Leibhéalta) – Gearradh**

(iii) Tarraing línte comhthreomhara ag eatraimh de 10 mm ...................................... **4**

(iv) Sainaithin áiteanna ina dtrasnaítear comhrianta agus tarraing cuair .................. **4**

**Oibreacha talún ar stráice cuartha idir B agus C (Leibhéalta) – Gearradh**

(v) Tarraing stuanna comhthreomhara ag eatraimh de 10 mm ................................. **3**

(vi) Sainaithin áiteanna ina dtrasnaítear comhrianta agus tarraing cuair .................. **3**

**Oibreacha Talún idir C agus D (Éirí) - Gearradh**

(vii) Bunaigh airde 55 m ar an gcúrsa ...................................................................... **2**

(viii) Tarraing an stua riachtanach 10 mm ag suíomh nua agus tarraing tadhlaí .......... **3**

(ix) Tarraing línte comhthreomhara ag eatraimh de 10 mm ...................................... **3**

(x) Sainaithin áiteanna ina dtrasnaítear comhrianta agus tarraing cuair .................. **3**

**Oibreacha Talún idir C agus D (Éirí) - Claífort**

(xi) Stua riachtanach 7.5 mm a tharraingt ag **C** agus tadhall a tharraingt .................. **2**

(xii) Tarraing línte comhthreomhara ag eatraimh de 7.5 mm ...................................... **2**

(xiii) Sainaithin áiteanna ina dtrasnaítear comhrianta agus tarraing cuair .................. **2**

**(b) Próifíl ar EF (13)**

(xiv) Tomhais agus tarraing línte airde ag eatraimh de 5 mm ...................................... **2**

(xv) Teilgin ón trasnú idir an líne **EF** agus comhrianta ................................................. **2**

(xvi) Tarraing próifíl chuartha trí chomhrianta ............................................................ **4**

(xvii) Tarraing trasnú le gearrthacha an chúrsa agus leis an gcúrsa raftála leibhéil ....... **5**

**(c) Airde don chuaille tacaíochta ziplíne os cionn pointe F (8)**

(xviii) Aimsigh airde túir ag **E** ........................................................................................ **2**

(xix) Tarraing ga ciorcail 10 m os cionn an tsuímh is airde agus tarraing tadhlaí........... **4**

(xx) Aimsigh agus cur in iúl airde riachtanach don chuaille ag **F** .................................. **2**

***Iomlán = 60***

## Ceist C-2

**MARCANNA**

**(a) Tarraing ingearchló a thugtar lena n-áirítear na heilimintí (18)**

(i) Tarraing comhthreomharán **ABCD** .................................................................. **6**

(ii) Aimsigh agus tarraing na heilimintí den pharabólóideach hipearbóileach ............ **6**

(iii) Críochnaigh imlíne ingearchló an lín.......................................................... **6**

**(b) Teilg taobhchló an dromchla ABCD (10)**

(iv) Tarraing na heilimintí imlíne den pharabólóideach hipearbóileach ...................... **4**

(v) Aimsigh agus tarraing na heilimintí laistigh ................................................ **6**

**(c) Críochnaigh an taobhchló trí na heilimintí a shíneadh (20)**

(vi) Sín eilimintí san ingearchló ........................................................................ **4**

(vii) Bunaigh pointí sa taobhchló trí na heilimintí a shíneadh ..................................... **8**

(viii) Tógán chun pointe **P** a aimsiú .................................................................... **2**

(ix) Tógán chun pointe idirmheánach sa taobhchló a aimsiú ...................................... **3**

(x) Tarraing cuar riachtanach **AP** …….. (aon chuar = 1)............................................... **3**

**(d) Cuaire an dromchla trí na pointí D agus B (12)**

(xi) Úsáid na líne a cheanglaíonn **B** agus **D** san ingearchló .......................................... **2**

(xii) Teilgin ó na trasnaithe le eilimintí san ingearchló chuig an mbonnchló ................ **3**

(xiii) Bunaigh leithid sa bhonnchló ..................................................................... **4**

(xiv) Tarraing cuaire riachtanach………(aon chuar = 1) .................................................. **3**

***Iomlán = 60***

## Ceist C-3

**MARCANNA**

**(a) Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar den chimena (23)**

(i) Tarraing bonnchló de chorp an chimena agus an tsimléir .................................... 4

(ii) Faigh amach suíomh agus fad na gcos sa bhonnchló ........................................... 3

(iii) Tarraing imlíne ingearchló an chimena ................................................................ 5

(iv) Aimsigh an lár le haghaidh oscailt agus tarraing an oscailt .................................. 6

(v) Tarraing na cosa san ingearchló agus aimsigh pointí trasnaithe sa bhonnchló ..... 5

**(b) Forbairt dhromchla de dhromchla cónúil A (13)**

(vi) Suíomh na rinne ar an bhforbairt ......................................................................... 2

(vii) Aistrigh an fad gineadóra is faide chuig an bhforbairt dhromchla ........................ 2

(viii) Faigh amach 12 ghné san fhorbairt dhromchla ..................................................... 4

(ix) Aistrigh an fad gineadóra gearrtha chuig an bhforbairt dromchla ........................ 2

(x) Críochnaigh an fhorbairt dhromchla ..................................................................... 3

**(c) Forbairt dhromchla de dhromchla sorcóireach B (19)**

(xi) Faigh amach fad iomlán agus airde san fhorbairt dromchla ................................ 5

(xii) Teilgean na n-airdí don oscailt chuig an bhforbairt dromchla ............................... 2

(xiii) Faigh amach fad agus suíomh na hoscailte san fhorbairt dromchla ..................... 4

(xiv) Aimsigh forbairt an stua ag barr na hoscailte ....................................................... 5

(xv) Críochnaigh an fhorbairt dhromchla ..................................................................... 3

**(d) Aimsigh agus cur in iúl claonadh na coise chuig HP (5)**

(xvi) Úsáid an modh cuí chun claonadh na coise chuig HP a aimsiú ............................ 2

(xvii) Aimsigh agus cur in iúl claonadh na coise chuig HP .............................................. 3

***Iomlán = 60***

## Ceist C-4

**MARCANNA**

**(a) Breac an t-eipicioglóideach (32)**

(i) Tarraing an stua **PA** a thugtar agus an ciorcal **C** .................................................. **6**

(ii) Roinn an ciorcal **C** i líon codanna comhionanna (12 ar a laghad).......................... **4**

(iii) Roinn an stua **PA** i líon codanna comhionanna comhfhreagracha ........................ **6**

(iv) Aimsigh pointí ar an lócas mar a rollaíonn an ciorcal feadh an stua.................... **12**

(v) Tarraing an t-eipicioglóideach riachtanach ……(aon eipicioglóideach = 1) ........... **4**

**(b) Bíseach Airciméidéis de réaltra bíseach (28)**

(vi) Tarraing an léaráid a thugtar (pointí **O**, **A** agus **B**) ............................................... **4**

(vii) Aimsigh fad an gha veicteora ag 30° .................................................................... **4**

(viii) Céimthomhas d'fhad an gha veicteora chun pointe **C** a aimsiú ............................ **4**

(ix) Bunaigh 12 roinn comhionanna (30° rannta) ...................................................... **4**

(x) Bunaigh gathanna idirmheánacha comhfhreagracha ar rannta uilleacha ............ **8**

(xi) Tarraing bís Airciméidéis riachtanaigh …… (aon bhís = 1) .................................... **4**

***Iomlán = 60***

## Ceist C-5

**MARCANNA**

**Ingearchló gearrtha (60)**

**Cóimeáil (6)**

(i) Suíomh coibhneasta na bpríomhcomhpháirteanna ........................................ 6

**Príomhchabhail (12)**

(ii) Críochnaigh imlíne an phríomhchabhlach ........................................ 8

(iii) Mionghnéithe inmheánacha na príomhchabhaile ........................................ 4

**Ulóg Raicín (12)**

(iv) Imlíne na hulóige ........................................ 6

(v) Mionghné inmheánach na hulóige ........................................ 6

**Leicneáin (2)**

(vi) Imlíne de dhá leicneán ar an acastóir (1,1) ........................................ 2

**Bolta Acastóra (4)**

(vii) Mionghné riachtanach den bholta acastóra ........................................ 4

**Pionna (2)**

(viii) Imlíne an phionna san acastóir ........................................ 2

**Hanla (8)**

(ix) Imlíne de ghéag cheartingearach an hanla ........................................ 4

(x) Mionghné inmheánach ........................................ 2

(xi) Hanla cothrománach ........................................ 2

**Ceapachóir (3)**

(xii) Léiriú den cheapachóir ........................................ 3

**M6 x 20 Scriú Suite (4)**

(xiii) Léiriú den scriú suite san acastóir ........................................ 2

(xiv) Léiriú den scriú suite sa cheapachóir ........................................ 2

***Gnáthchnó* (1)**

(xv) Léiriú den chnó ........................................ 1


**An líníocht a chríochnú (6)**

(xvi) Cur i láthair, haitseáil agus lárlínte ........................................ 6

***Iomlán = 60***

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*Coimisiún na Scrúduithe Stáit*

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024







# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## Ardleibhéal


## Réitigh Shamplacha

**Nóta:** Tá gach réiteach bailí eile inghlactha agus marcáiltear iad dá réir.


**Ceist A-1**





**Ceist A-2**




**Ceist A-3**





**Ceist A-4**








| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist B-1 |
| Scála: n/a | Meith. 2024 |





| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist B-2 |
| Scála: n/a | Meith. 2024 |





| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| Scéim Mharcála | |
| Ceist B-3 | |
| Scála: n/a | Meith. 2024 |


Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal
Scéim Mharcála
Ceist C-1
Scála: n/a
Meith. 2024
50
50
45
40
40
45
50
55
60
65
70
75
80
D
E
O
C
A
B
F
75
80
75
70
65
60
65
70
75
80
70
60
55
50
45
40
35
E
R10
F
19
60
70
80
90




| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| | Scéim Mharcála |
| | Ceist C-2 |
| Scála: n/a | Meith. 2024 |






Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal

Scéim Mharcála


Ceist C-3

Scála: n/a | Meith. 2024




| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | | |
|---|---|---|
| | Scéim Mharcála | |
| | Ceist C-4 | |
| | Scála: n/a | Meith. 2024 |



| Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Ardleibhéal | |
|---|---|
| Sceím Mharcála | |
| Ceist C-5 | |
| Scála: n/a | Meith. 2024 |

*Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

**Tasc an Dalta - Ardleibhéal Bileog Mheasúnachta 2024**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**Scrúduimhir an Iarrthóra** [ ]

| Aschur | Critéir Mharcála | | | | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | **Comparáid idir Taighde Dearaidh & Gnéithe Dearaidh** | | | | |
| | Príomhghnéithe dearaidh a fhiosrú trí bhuntaighde & taighde tánaisteach a úsáid; Grafaicí iomchuí a roghnú; dhá íomhá oiriúnacha a roghnú; Príomhthoisí a chur isteach; Comparáid idir na príomhghnéithe dearaidh; Codarsnacht idir na príomhghnéithe dearaidh; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair na faisnéise ina bhfuil íomhánna, sceitsí & nótaí | **30** | | | |
| **2** | **Léiriúchán Grafaice Saorláimhe** | | | | |
| | Bunchéimsearta; Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne le haghaidh rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar phríomhghnéithe an dearaidh, líníocht 3D ar chaighdeán 'presentation' san áireamh; Leagan amach agus cur i láthair | **20** | | | |
| **3** | **Páirteanna SolidWorks, Cóimeáil, Líníocht** agus **comhaid eDrawings** | | | | |
| | **Cloí leis an struchtúr comhdaithe riachtanach** | **35** | 4 | | |
| | **5 chomhad de na Páirteanna ar a laghad a chruthú** | | 2 | | |
| | **Samhlacha Páirteanna** – Inniúlacht in CAD Paraiméadrach, barainneacht dearaidh agus cuspóir an dearaidh san áireamh; Na próifílí is oiriúnaí a roghnú; Sceitsí a shainléiriú go hiomlán; Gnéithe a ath-ainmniú; Easbhrú/coinníollacha deiridh den chineál ceart a úsáid | | 15 | | |
| | **Toisc deacrachta/Cuspóir an dearaidh** | | 5 | | |
| | **Cóimeáil** – Cruthú na cóimeála; Cruinneas na bpáirteanna d'fhonn an chóimeáil cheart a éascú; Na páirteanna a chur le chéile mar ba cheart; cuma oiriúnach a thabhairt chun críche | | 7 | | |
| | **eDrawing den tsamhail CAD** | | 2 | | |
| **4** | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks** | | | | |
| | Clónna mionsonraithe ortagrafacha den déantán roghnaithe; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha den Chóimeáil; Cló scartha den tsamhail CAD; Na príomhthoisí, nótaí agus siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | **15** | | | |
| **5** | **Fiosrú grafaice ar réitigh dhearaidh** | | | | |
| | Fiosrú ar théama/réiteach/réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann; Réiteach/réitigh a roghnaíodh a chosaint; Íomhánna/grafaicí iomchuí a úsáid; Leagan amach éifeachtach agus cur i láthair éifeachtach ar an eolas ina bhfuil híomhánna, sceitsí & nótaí | **25** | | | |
| **6** | **Mionathrú ar an Dearadh/Dearadh an Choincheapa a Chur i Láthair** | | | | |
| | Comhréir; Foirm/Toirt; Úsáid Toin/Líne ar mhaithe le rindreáil éifeachtach; Cur i láthair mionsonraithe ar ghnéithe de mhionathrú nó de choincheap an dearaidh; Leagan amach agus cur i láthair | **10** | | | |
| **7** | **Aschuir chruachóipe as SolidWorks** | | | | |
| | Samhail CAD, toisc deacrachta/cuspóir an dearaidh | **25** | 13 | | |
| | Clónna mionsonraithe ortagrafacha den réiteach atá á mholadh; Clónna de ghearrthacha/shonraí nuair is cuí; Cló pictiúrtha rindreáilte den tsamhail CAD; Íomhá fhótairéalaíoch; Na príomhthoisí, nótaí, siombailí a chur isteach; Scála, leagan amach agus cur i láthair cuí le breithniú | | 12 | | |
| | | | | **Fo-iomlán** | |
| | | | | **Marcanna bainte i gcás líon leathanach is mó ná mar a cheadaítear** | |
| | | | | **Iomlán an Taisc** | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán